



# Ár straitéis rannpháirtíochta poiblí le haghaidh todhchaí le fuinneamh níos glaine

Todhchaí le fuinneamh níos glaine a bhaint amach



Feidhmíonn agus forbraíonn EirGrid an eangach tarchuir leictreachais in Éirinn. Áirítear leis sin idirnasc le heangacha in aice láimhe agus leis an margadh mórdhíola leictreachais. Tugann an eangach cumhacht ó ghineadóirí chuig líonra dáileacháin an ESB a sholáthraíonn gach teach, feirm agus gnó in Éirinn. Soláthraíonn an eangach cumhacht go díreach do ghnóthais freisin a úsáideann méideanna móra leictreachais. Cinntíonn EirGrid go mbíonn leictreachas ar fáil i gcónaí ar an bpraghas is eacnamaí – inniu, amárach agus ar feadh na mblianta atá le teacht.

Is féidir leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite amhail cumhacht gaoithe agus gréine. Is gearr go dtiocfaidh na foinsí fuinnimh glan seo in ionad breoslaí salacha amhail gual agus ola. Mar gheall air seo, úsáidfear leictreachas níos mó is níos mó le haghaidh tuilleadh cúiseanna, amhail iompar agus téamh. Chun ullmhú don athrú seo, ní mór do EirGrid a chinntiú go mbeidh an eangach leictreachais níos láidre agus níos solúbtha. Beidh ar an eangach níos mó cumhachta a iompar, agus tiocfaidh an chuid is mó den chumhacht seo ó ghiniúint in-athnuaite a athraíonn ag brath ar an aimsir. Chun é seo a dhéanamh, beidh orainn an bonneagar eangaí atá ann cheana féin a uasghrádú agus cur leis – amhail cáblaí faoi thalamh, línte lasnairde, piolóin agus fostáisiúin.

**Tá obair EirGrid chun an córas leictreachais a bhunathrú mar bhunús le Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais. Beidh sé mar threoir agus mar thaca ag freagairt na hÉireann don athrú aeráide. Tá sé de chúram orainn an eangach a ullmhú le go mbeidh ar a laghad 70% d'fhuinneamh na hÉireann in ann teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Le go dtarlóidh sé seo, ní mór do EirGrid athrú éabhlóideach a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid teagmháil leis an bpobal: ní mór dúinn ár straitéis rannpháirtíochta poiblí a fhorbairt. Míníonn an doiciméad seo cad is gá dúinn a dhéanamh, agus conas atá beartaithe againn é a dhéanamh.**

Tá sé rithábhachtach go n-oibreoimid go léir le chéile má táimid le bheith rathúil. Is le tacaíocht an phobail amháin is féidir linn soláthar inbhuanaithe leictreachais a chinntiú don chéad ghlúin eile.



## Conas a d'fhorbair muid ár straitéis nua rannpháirtíochta poiblí

Lean ár gcuid oibre chun an straitéis nua rannpháirtíochta poiblí seo a chruthú le cur chuige dian cuimsitheach. Go luath in 2020 bhunaigh EirGrid foireann seachadta clár chun bealaí a aimsiú chun rannpháirtíocht phoiblí a fheabhsú. Chuir an fhoireann seo tús le próiseas mionsonraíthe imscrúdaithe agus molta ansin. Thug siad breac-chuntas ar spriocanna, rinne siad measúnú ar chleachtais, bhailigh siad an fhoghlaim agus shainmhíneigh siad cosán chuig caighdeán nua.

Bhí an próiseas seo bunaithe ar anailís chuimsitheach ar athbhreithnithe neamhspleácha ar an ábhar seo. Áiríodh orthu sin tuarascálacha neamhspleácha a rinne comhairleoirí seachtracha. Bhreithnigh an taighde freisin léargais ó cheardlanna a reáchtáladh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Ar deireadh, rinne an fhoireann measúnú ar chás-staidéir áitiúla, agus ar raon athbhreithnithe dea-chleachtais idirnáisiúnta agus Eorpacha. Thug an próiseas seo deis dúinn machnamh a dhéanamh ar cheachtanna sonracha a foghlaimíodh ónár dtionscadail féin, agus ó obair chomhchosúil ar fud na hearnála fuinnimh. Go háirithe, rinneamar iniúchadh ar mhionsonraí na gcaidreamh le déanaí le húinéirí talún, leis an bpobal agus leis an tionscal. Thug sé sin deis do EirGrid na moltaí feasacha agus breithnithe sa doiciméad seo a dhéanamh.



## Cén fáth a bhfuil ár gcaidreamh le pobail ríthábhachtach

Le blianta beaga anuas, ba dhúshlán é don rialtas agus d'fhóntais phoiblí mórtionscadail bhonneagair a sheachadadh – trasna gach earnála. Is minic go mbíonn díospóireachtaí láidre agus mothúchánacha mar thoradh ar thionscadail nua bhonneagair. D'fhéadfadh moill shuntasach a bheith ann nuair a bhraitheann pobail nach bhfuiltear ag éisteacht leo. Bíonn pobail ag súil le cúiseanna níos áititheacha agus níos láidre le hathrú suaite. Tá siad ag súil freisin go mbeidh bealaí fiúntacha acu chun páirt a ghlacadh i bpróiseas cinnteoireachta.

Mar fhreagra air sin, tá EirGrid meáite ar thuairimí na bpobal a léiriú agus a chur san áireamh níos fearr agus bonneagar eangaí nua á phleanáil. Léiríonn sé seo aidhmeanna an "Aistrithe Cóir" – áit a dtacaítear leo siúd a mbíonn tionchar ag bearta gníomhaíochta aeráide orthu chun an tionchar seo a íoslaghdú. Cé go bhfeictear go hiondúil go dtugann sé seo tairbhí díreacha do phobail áitiúla a chailleann post, ní mór dúinn dearcadh níos leithne a ghlacadh. Creideann EirGrid go bhfuil tacaíocht ó úinéirí talún agus pobail ríthábhachtach don aistriú rathúil go foirmeacha glan fuinnimh – agus ar deireadh thiar chun tacú leis an gcomhrac in ghaidh an athraithe aeráide.

## Rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht chun tacú le hathrú

Sna deich mbliana atá romhainn, beidh orainn líon mór bonneagar eangaí nua a fhorbairt - i bhfad níos mó ná mar a bhí le deich mbliana anuas. Níos mó ná riamh, tá sé tábhachtach go bhfaighimid tacaíocht ó úinéirí talún aonair, a gcomharsana, agus a bpobail níos leithne. Ní mór dúinn na dúshláin a bhaineann leis an méid a iarraidimid ó dhaoine aonair agus ó phobail a aithint ar mhaithe leis an daonra iomlán.

**Mura rachaimid i ngleic go rathúil leo siúd a bhfuil tionchar ag pleananna forbartha eangaí orthu, ní bhainfidimid spriocanna gníomhaíochta aeráide amach.**

Mar fhreagra air sin, tá rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht sa phobal mar chuid dár gcróichumas ag EirGrid. Comhlánaíonn agus cumasaíonn sé seo ár saineolas seanbhunaithe san innealtóireacht. Táimid ag forbairt scileanna inmheánacha, ag méadú ár n-acmhainne agus ag dul i gcomhpháirtíocht le soláthraithe dea-chleachtas ar fud an tionscail. Táimid ag forbairt córais éifeachtacha freisin chun ár rannpháirtíocht phoiblí a sheachadadh agus a mheasúnú. Cuimsíonn sé sin measúnú agus creidiúnú ó shaineolaithe idirnáisiúnta neamhspleácha.

Tá sé mar aidhm againn cur chuige comhtháite a fhorbairt a léiríonn agus a fhrámóidh an t-aistriú fuinnimh – agus ag comhthéacs práinneach na gníomhaíochta aeráide. Ní bheimid i gcónaí in ann an réiteach teicniúil sonracha a theastaíonn ón bpobal a sholáthar. Ach nuair nach féidir linn, cinnteoidimid go dtuigeann siad cén fáth.

Bíonn EirGrid i gcónaí ag leanúint le cur chuige d'fheabhsú leanúnach i ngach rud a dhéanaimid. De réir mar a chuirimid feabhas ar an mbealach ina ndéanaimid teagmháil leis an bpobal, ní mór dúinn tionchar na n-athruithe seo ar thionscadail reatha a aithint agus a réiteach. Tá sé mar aidhm againn ár gcur chuige nua a chothromú – ag féachaint le comhdhearcaidh a bhaint amach – ag tabhairt aghaidh ar an fhírinne go gcuirtear i gcoinne roinnt forbairtí atá ann cheana féin. Ní féidir linn neamhaird a dhéanamh díobh siúd atá go bunúsach i gcoinne roinnt tionscadal – ach mar an gcéanna ní féidir linn ár bpleananna a athrú i ngach cás. Ní mór dúinn anois ár n-iarrachtaí chun dul i dteagmháil le grúpaí freasúra agus le pobail imníoch a mhéadú faoi dhó. Tá sé mar aidhm againn muinín a chothú trínár spriocanna agus ár dteorainneacha a mhíniú go soiléir – agus déanaimid iarracht ansin teacht ar fhreagra comhaontaithe. Is é an aidhm atá againn ná go n-aithníonn an freagra seo an chaoi a gcuidíonn a dtacaíocht áitiúil lena gceantar – agus le hÉirinn ina hiomláine.

**Straitéis rannpháirtíochta poiblí EirGrid**



# Ár straitéis le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach poiblí

## Spriocanna

### Glacadh Sóisialta

Oibriú i dtreo réitigh a bhfuil tacaíocht úinéirí talún agus poiblí acu.

### Toilleadh

Ár gcumas rannpháirtíochta poiblí a mhéadú agus infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine agus inár n-uirlisí.

### Comhpháirtíochtaí

Ár gcomhaontais reatha a athnuachan agus a athbheochan – agus cinn nua a fhorbairt.

## Áisitheorí

- Smaoinigh ar inghlacthacht shóisialta gach réitigh.
- Feabhas a chur ar mhodhanna rannpháirtíochta agus rannpháirtíochta poiblí.
- Feabhas a chur ar thairbhí pobail.
- Feachtais uailmhianacha oideachais agus faisnéise a sheachadadh.
- Feabhas a chur ar ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht úinéirí talún.

- Ár bpróisis agus ár n-aschur a athbheithniú agus a nuashonrú.
- Ár bhfoirne a athstruchtúrú le fócas níos mó ar rannpháirtíocht poiblí.
- Ár gcumas rannpháirtíochta poiblí a mhéadú trí phearsanra a chur leis. Measúnú agus deimhniú neamhspleách a dhéanamh ar ár rannpháirtíocht poiblí gach bliain.
- Ár dtacar rannpháirtíochta poiblí a leathnú.

- Smaoinigh ar inghlacthacht shóisialta gach réitigh.
- Feabhas a chur ar mhodhanna rannpháirtíochta agus rannpháirtíochta poiblí.
- Feabhas a chur ar thairbhí pobail.
- Feachtais uailmhianacha oideachais agus faisnéise a sheachadadh.
- Feabhas a chur ar ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht úinéirí talún.

# Spríoc 1: Glacadh Sóisialta

## Oibriú i dtreo réitigh a bhfuil tacaíocht úinéirí talún agus poiblí acu.

Is é glacadh sóisialta an dúshlán is mó atá romhainn nuair a fhorbraímid bonneagar eangái leictreachais nua. Mar thoradh air sin, cuirfimid níos mó béime ar theagmháil a dhéanamh le pobail atá buailte agus éisteacht leo.


Nuair a smaoinímid ar raon réitigh do thionscadail nua, féachaimid ar roinnt critéar chun an rogha is fearr feidhmíochta a aimsiú. Áirítear leo sin:

- costas an réitigh
- simplíocht agus cobhsaíocht na teicneolaíochta
- cé chomh dúshlánach is atá sé a sheachadadh
- a thionchar ar an gcomhshaol
- a thionchar ar an ngeilleagar áitiúil agus ar an tsochaí

Bonneagar líne lasnairde is ea formhór mór ár líonra. Chun an úsáid is fearr a bhaint as na sócmhainní reatha, ní mór dúinn fós obair leanúnach a dhéanamh chun an líonra seo a chothabháil agus a uasghrádú.

Léiríonn taithí le déanaí gur féidir linn na línte seo a athchóiriú agus a uasghrádú go héifeachtach nuair a thugaimid freagra ar aon imní áitiúil. Tá sé seo fíor freisin i gcás ina bhfuil gá le línte nua lastuas nó cáblaí faoi thalamh.

Cé gur mó an seans go nglacfar le cáblaí faoi thalamh, d'fhéadfadh leibhéal shuntasacha cur i gcoinne mórhionscadail a bheith ann. D'fhéadfadh moill fhada a bheith mar thoradh ar an bhfreasúra seo. Mar thoradh air sin, oibreoidimid níos dlúithe le pobail agus le húinéirí talún chun tionchar na dtionscadal a íoslaghdú nuair is féidir.





## Cumasóirí Glactha Sóisialta

### Smaoinigh ar inghlachtacht shóisialta gach réitigh.

Nuair a dhéanaimid measúnú ar roghanna forbartha eangaí do thionscadal nua, breithnímid roinnt fachtóirí. Agus muid ag obair anois i dtreo réitigh a bhfuil tacaíocht phoiblí acu, déanfaimid inghlachtacht shóisialta gach rogha a mheas inár measúnú.

### Modhanna rannpháirtíochta agus rannpháirtíochta a fheabhsú

Nuair a fhreagraíonn pobail do rannpháirtíocht go luath sa phróiseas, bíonn seans níos mó acu tionchar a imirt ar an réiteach roghnaithe. Nuair a fheiceann pobail gur mhúnlaigh a dtuairimí an toradh deiridh, is féidir linn na hoibreacha a chur chun cinn le tacaíocht níos mó. Chun é sin a bhaint amach, ní mór dúinn feabhas a chur ar leibhéal rannpháirtíochta an phobail inár rannpháirtíocht.

Chun an sprioc seo a bhaint amach, táimid ag triail modhanna nua agus nuálacha rannpháirtíochta poiblí luathchéime. Cuireann sé sin pobail i gcroílár ár gcinnteoireachta. Déanfaimid measúnú ansin ar éifeachtacht na dtrialacha seo.

### Tairbhí pobail a fheabhsú

Ó 2014 i leith, tá EirGrid tar éis cistí sochair pobail a thairiscint do mhórhionscadail. Aithnítear leis sin an ról rithabhachtach a bhíonn ag pobail áitiúla maidir le glacadh le bonneagar eangaí nua. Léirigh an tsamhail seo gealltanús i dtionscadail níos lú, ach teastaíonn scála uathu chun an cur isteach níos mó, ar shaothair níos mó a léiriú. Chun é sin a léiriú, tá EirGrid ag méadú maoiniú leasa pobail ó earrach 2021. Leis an gcur chuige nua atá againn, baintear tairbhe as ciste a théann chun tairbhe do phobail, don inbhuanaitheacht agus don bhithéagsúlacht i gceantair áitiúla. Tá na cinntí maidir leis an gcaoi a ndáiltear na cistí sin oscailte, rannpháirteach agus cuimsitheach. Cinntíonn bunú fóraim phobail ar mhórhionscadail go bhfuil úinéireacht níos mó fós ag an bpobal ar na cistí seo.

### Feachtais uailmhianacha oideachais agus faisnéise a sheachadadh.

Tá sé mar aidhm ag ár gcur chuige nua i leith rannpháirtíocht an phobail teacht ar réitigh tionscadail atá níos inghlachta do phobail lena mbaineann. Ina theannta sin, táimid ag iarraidh leibhéal ghilactha an phobail le haghaidh bonneagar eangaí nua a mhéadú. Tá a fhios againn ónár dtaighde, nuair a thuigeann an pobal cad a dhéanaimid, agus cén fáth a ndéanaimid é, go dtacaíonn siad níos mó le bonneagar eangaí nua i gcoitinne.

Chun cabhrú leis sin a bhaint amach, tá EirGrid ag infheistiú i bhfeachtas náisiúnta nua. Cuireann an feachtas seo oideachas ar an bpobal agus cuireann sé ar an eolas iad faoin ról atá againn, agus míníonn sé a thábhachtaí atá sé do fhreagairt na hÉireann ar an athrú aeráide. Tá ár suíomh gréasáin á fhorbairt againn freisin chun freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara éagsúla. Áirítear leis sin ár dteachtaireacht maidir le gníomhú ar son na haeráide a mhionsonrú don phobal i gcoitinne. Táimid ag oiriúnú agus ag méadú na dteachtaireachtaí seo i ngach cumarsáid tionscadail.

Ar deireadh, táimid ag lorg comhpháirtíochtaí nua chun cabhrú, le leibhéal leanúnach na bhfoinsi in-athnuaite fuinnimh ar an eangach a chur chun cinn agus a dhéanamh inrochtana. Le chéile, cabhraíonn na tionscnaimh seo linn a mhíniú go mbogann críochnú gach tionscadail níos gaire dúinn, i dtreo córas leictreachais níos glaine.

### Feabhas a chur ar ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht úinéirí talún.

Tá úinéirí talún a dhéanann óstáil ar ár mbonneagar ar cheann de na páirtithe leasmhara is tábhachtaí atá againn. Oibríonn siad timpeall an bhonneagair ar feadh ré a úsáide ar an eangach. Tá ag éirí níos fearr lenár bhfoirne idirchaidrimh speisialaithe i rannpháirtíocht úinéirí talún - agus ní mór dúinn cur leis sin. Mar thoradh air sin, táimid ag méadú líon ár bpearsanra idirchaidrimh. Cuireann sé sin ar ár gcumas leanúint de theagmháil shaincheaptha dhíreach a chur ar fáil le húinéirí talún.

## Spríoc 2: Cumas rannpháirtíochta poiblí níos mó

Ár gcumas rannpháirtíochta poiblí a mhéadú agus infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine agus inár n-uirlisí.

Le go mbeidh rannpháirtíocht phoiblí ina croíchumas in EirGrid, ní mór dúinn foireann thiomanta intí a fhorbairt le sainscileanna sa réimse seo. Cabhróidh cur lenár gcumas rannpháirtíochta poiblí chun tacú le pobail ár dtodhchaí leictreachais a mhúnlú. Táimid ag forbairt clár agus prótacail chun a chinntiú go seachadaimid cur chuige comhsheasmhach agus cuí ar gach tionscadal. Bhí tionchar ag samhail thrialach ar thionscadal le déanaí chun nasc eangaí agus fostáisiún nua a chur leis na moltaí seo. Don tionscadal seo, bhunaíomar foireann seachadta faoi cheannas ceannaire rannpháirtíochta. Chuamar i dteagmháil go luath agus go díreach le húinéirí talún – rud a chruthaigh caidreamh cuiditheach agus muinín. I ndeireadh na dála, sholáthair sé réiteach a nglactar leis go forleathan. Táimid ag cur leis an múnla dianphearsanra seo chun an leibhéal muiníne, tuisceana seo agus luas seachadta a bhaint amach inár dtionscadail go léir.

### Cumasóirí cumais rannpháirtíochta poiblí

**Ár bpróisis agus ár n-aschur a athbhreithniú agus a nuashonrú.**

Tá roinnt réimsí aitheanta againn ina gcaithfidh EirGrid ár bpróisis agus ár n-aschur a nuashonrú chun tacú leis an tsamhail nua seo de rannpháirtíocht phoiblí. Áirítear leis seo ár straitéis forbartha tionscadail agus na critéir mheasúnaithe a úsáidimid chun roghanna a mheasúnú.

Teastaíonn uirlisí nua uainn freisin chun athdhearbhú a thabhairt d'úinéirí talún maidir lena n-imní sláinte maidir le bonneagar eangaí – go háirithe imní faoi réimsí leictreamaighnéadacha (RLM). Tá ról ag an bhfeachtas náisiúnta fógraíochta agus oideachais maidir le daoine a chur ar a suaimhneas faoin ábhar seo.



**Ár bhfoirne a athstruchtúrú le fócas níos mó ar rannpháirtíocht phoiblí.**

Is í an phríomhfhoghlaim ónár dtaighde ná an gá atá le bainisteoir cláir tiomnaithe do thionscadail straitéiseacha. Tá níos mó maoirseachta ag an ról seo ná ag bainisteoirí tionscadail. Tabharfaidh sé deis do bhainisteoirí tionscadail díriú ar shonraí ó lá go lá agus ag an am céanna a chinntiú go gcomhlíonfaimid spriocanna níos leithne fós,

**Ár gcumas rannpháirtíochta poiblí a mhéadú trí phearsanra a chur leis.**

Táimid ag méadú ár líon Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal agus Speisialtóirí Rannpháirtíochta. Forbróidh sé seo ár gcumas oibriú go bríoch le gach páirtí leasmhar.

Méadaíonn an t-athrú seo ár n-inniúlacht rannpháirtíochta poiblí agus laghdaithe an spleáchas ar sheirbhísí seachtracha. Cruthaíonn sé seo eispéireas níos comhsheasmhaí, atá iomlánaíoch agus níos fearr do na páirtithe leasmhara go léir, agus ligean sé dúinn níos mó tionscadal a sheachadadh in am.

**Measúnú agus deimhniú neamhspleách a dhéanamh ar ár rannpháirtíocht phoiblí gach bliain.**

Tá creidiúnú seachtrach á lorg againn anois dár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí. Déanfaidh comhlacht neamhspleách measúnú agus deimhniú ar ár gcuid oibre chuig caighdeán aitheanta idirnáisiúnta dá bharr.

**Ár dtacar rannpháirtíochta poiblí a leathnú.**

Is éard atá i gceist againn le tacar ná bealaí ina ndéanaimid teagmháil le páirtithe leasmhara. Aithnímid an gá atá leis an ráta rannpháirtíochta inár bpróisis rannpháirtíochta poiblí a mhéadú. Chuir na ceanglais maidir le scaradh sóisialta le haghaidh COVID-19 dlús lenár dtrialacha ar réitigh iargúlta agus fíorúil. Ina measc seo tá fiscomhdháil agus léarscáileanna idirghníomhacha ar líne. Táimid ag leanúint leis na tástálacha seo chun fairsinge agus raon ár rannpháirtíochta poiblí a leathnú. Táimid chun anailísíú sonraí a úsáid freisin chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid ár rannpháirtíocht phoiblí a mheas agus a dhíriú.



## Spríoc 3: Comhpháirtíochtaí

Ár gcomhaontais reatha a athnuachan agus a athbheochan – agus cinn nua a fhorbairt.

Tá ról an-idirnasctha ag EirGrid maidir leis na hathruithe is gá do chóras leictreachais glan a threorú. Léirítear é seo san iliomad comhpháirtíochtaí nach mór dúinn a athnuachan, a thógáil agus a fhorbairt chun ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a fheabhsú. Táimid ag cruthú naisc níos láidre leo siúd a leanas:

- Rialtas;
- Rialtas Áitiúil;
- Comhlachtaí Stáit;
- ENRanna;
- Grúpaí pobail áitiúla agus deonacha.

Ní mór dúinn freisin comhaontais nua a fhorbairt le comhlachtaí gnó, tionscail, oideachais agus taighde. I measc na mbuntáistí eile, ligeann na comhghuaillíochtaí seo dúinn cleachtais choiteanna a fhorbairt le príomhpháirtithe. Tá sé seo tábhachtach chun cineálacha cur chuige comhordaithe a chur i bhfeidhm chun teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla.

### Áisitheoirí comhpháirtíochta

**Oibriú leis an Rialtas ar fheachtas ilpháirtí faoi ghníomhaíocht aeráide chun tacú le beartas poiblí.**

Léiríonn ár dtaighde nach dtuigeann an pobal ról EirGrid maidir le freagairt don athrú aeráide. Ina theannta sin, níl an chuid is mó de na daoine ar an eolas faoi phleananna gníomhaíochta aeráide níos leithne an Rialtais. Mar gheall air seo, tá gá le feachtas forleathan, tras-eagraíochta chun an pobal a chur ar an eolas faoi na hathruithe atá ag teastáil sna deich mbliana atá romhainn. Tá EirGrid i gceannas ar an bpróiseas cheana féin trína fheachtas féin a thionscnamh. Táimid ag comhoibriú anois le ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile chun teachtaireachtaí ar an ábhar seo a ailíniú. Is céim riachtanach í seo chun oideachas agus eolas a chur ar an bpobal a mbíimid i dteagmháil leo maidir leis an ngá bunúsach agus práinneach atá le bonneagar eangai nua.



**Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don earnáil fuinnimh oibriú le chéile ar bhealach níos éifeachtaí.**

I bhfianaise scála an athraithe atá ag teastáil sna deich mbliana atá romhainn, ní mór do gach duine san earnáil leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le chéile. Tá sé seo riachtanach go háirithe chun rannpháirtíocht phoiblí a neartú. Ní mór dúinn freisin oibriú níos dlúithe le húsáideoirí ar scála mór leictreachais sna hearnálacha tionsclaíochta agus ardteicneolaíochta. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm i ngach cás comhoibriú, idirphlé agus léargais chomhroinnte a mhéadú chun tacú lena chéile agus chun comhspríocanna a bhaint amach.

**Caidreamh le heagraíochtaí pobail a neartú.**

Ní mór do EirGrid ár láithreachta agus ár n-infheictheacht i bpobail áitiúla a mhéadú. Go hiondúil ní thagann muid ar aird na gceantar áitiúil ach amháin nuair a mholtar bealach nó láithreán le haghaidh bonneagar eangai nua. Tá sé seo ró-dhéanach le muinín a chothú agus le hidirphlé oscailte a bheith agat.

Mar fhreagra air sin, táimid ag rolladh amach clár oideachais agus faisnéise pobail ar riachtanais agus buntáistí na heangai leictreachais. Agus é sin á dhéanamh, tá EirGrid ag cur lenár dtuiscint ar phobail a dhéanann óstáil ar bhonneagar eangai. Cabhraíonn sé seo linn eolas inmheánach níos doimhne a fháil ar a dtosaíochtaí agus a ndearcadh. Ar bhonn níos leithne, táimid ag forbairt caidrimh níos dlúithe le heagraíochtaí feirmeoireachta agus gnó, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus Pobail Fuinnimh Inmharthana.

**Comhaontais nua a athnuachan agus a fhorbairt le heagraíochtaí cumasúcháin.**

Ní féidir le EirGrid leis féin an eangach glan a sholáthar a theastaíonn ó Éirinn chun freagairt don athrú aeráide. Táimid ag aithint agus ag forbairt comhpháirtíochtaí nua le heagraíochtaí a roinneann ár ndúshlán agus ár spriocanna. Déanfaimid athbhreithniú air seo ar bhonn leanúnach le haghaidh feabhsú leanúnach. Ligfidh sé seo dúinn forbairtí nua inár n-earnáil a léiriú de réir mar a éiríonn an bealach chuig fuinneamh in-athnuaite 70% níos soiléire.



## Ag obair i gcomhpháirtíocht le haghaidh todhchaí níos gile

Tá straitéis ag EirGrid anois chun ár rannpháirtíocht phoiblí a bhunathrú, rud a thógann ar obair fhairsing le deich mbliana anuas. Táimid ag obair anois le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara chun na feabhsúcháin sin a sholáthar. Ina measc seo tá pobail áitiúla, úinéirí talún agus tionscal.

Is é an comhthéacs seachtrach atá ann le haghaidh na straitéise nua seo ná an riachtanas práinneach le dul i ngleic leis an athrú aeráide – agus ár soláthar leictreachais a chosaint le haghaidh na nglúnta atá le teacht. Tá ról uathúil ag EirGrid chun plean gníomhaíochta aeráide an Rialtais a chur i gcrích. Agus muid ag druidim le spriocdháta 2030 chun an sprioc 70% d'fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, athrófar ár riachtanais. Chomh maith leis sin, leanfaidh ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht phoiblí ag athrú.

Soláthraíonn an straitéis seo fis le tús a chur leis an bpróiseas seo. Ní mór dúinn ár rannpháirtíocht phoiblí a bhunathrú chun cur chuige níos cuimsithí, níos tuisceana, níos trédhearcaí agus níos ionchuimsithí a sholáthar. Caithfidh sé seo leanúint ar aghaidh agus caithfidh sé bheith ina phróiseas d'fheabhsú leanúnach.

Ní mór dúinn éisteacht leo siúd ar leosan bonneagar eangaí na todhchaí, iad siúd a bheidh ag obair uirthi, agus iad siúd a bheidh ina gcónaí gar di. Ní bheimid in ann an t-athrú atá ag teastáil sna blianta beaga amach romhainn a bhaint amach gan tacaíocht uathusan. Tá scála an dúshláin seo ollmhór - ach beidh na tairbhí dothomhaiste.

Nuair a oibrímid le chéile, déanaimid cinntí níos fearr. Más féidir linn comhoibriú chun teacht ar réiteach comhroinnte, is féidir le EirGrid agus le muintir na hÉireann todhchaí níos fearr a chruthú do na glúnta atá le teacht.

Má tá aon cheist agat faoinár straitéis rannpháirtíochta poiblí nua, nó más mian leat a mholadh conas is féidir linn ár gcur chuige a fheabhsú, déan teagmháil linn le do thoil ag baint úsáide as na sonraí ar an gclúdach cúil.



An tUbhchruth, 16o Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath, Do4 FW28  
Teileafón: 01 677 1700 - [www.eirgrid.ie](http://www.eirgrid.ie)

Leagan 1 foilsithe i mí Feabhra 2021  Arna phrintáil ar pháipéar athchúrsáilte  
- athchúrsáil le do thoil